Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**12435/25**

**CYBER 233
JAI 1188
DATAPROTECT 192
MI 614
CSC 432
CSCI 166
IA 114
TELECOM 280
DELACT 123**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 5059 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 29.7.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, ar táirgí iad a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 5059 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 5059 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.7.2025
C(2025) 5059 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.7.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, ar táirgí iad a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('an Gníomh um Chibear-Athléimneacht'), cumhachtaítear an Coimisiún cur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a theorannú nó a eisiamh maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdaítear le rialacha eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais trína dtugtar aghaidh ar na rioscaí uile nó ar chuid de na rioscaí a chumhdaítear le ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

Le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe maidir leis an gCibearshlándáil agus Córas Bainistithe Cibearshlándála[2], tugtar isteach ceanglais chibearshlándála le haghaidh feithiclí rothacha agus tá a chur i bhfeidhm éigeantach faoi Rialachán (AE) 2019/2144[3]. Ar an gcúis sin, rinne na comhreachtóirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2019/2144 maidir leo a eisiamh ó raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

Tugadh Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe cothrom le dáta[4] chun 'feithiclí de chatagóir L' a chur san áireamh, i.e. raon leathan cineálacha feithiclí dhá roth, trí roth agus ceithre roth. Le Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún [C(2025) 4842] lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála a leagan síos maidir le feithiclí de chatagóir L a chosaint ar chibirionsaithe, ar Rialachán é a ghlacfar i gcomhthráth leis an nGníomh Tarmligthe seo, tá sé éigeantach Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe a chur i bhfeidhm maidir le cineálcheadú feithiclí nua ón 11 Nollaig 2027 ar aghaidh, dáta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Beidh na cineálacha feithiclí atá ann cheana faoi réir na gceanglas sin ón 11 Meitheamh 2029 ar aghaidh.

Ceapadh Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála ar bhealach atá inchomparáide leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, lena mbaintear amach leibhéal comhchosúil cosanta agus lena n-áirithítear comhsheasmhacht

---

1. Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht), IO L 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).
2. Rialachán Uimh. 155 ó Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil leis an gcibearshlándáil agus le córas bainistithe cibearshlándála [2021/387] (IO L 82, 9.3.2021, lgh. 30–59).
3. Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóithre, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).
4. Togra le haghaidh Fhorlíonadh 3 a ghabhann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe (an Chibearshlándáil agus Córas Bainistithe Cibearshlándála) arna ghlacadh i mí an Mheithimh ag an bhFóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29).

leis an gcreat cineálcheadaithe a bhfuil feidhm aige maidir le feithiclí de chatagóir L. Dá bhrí sin, chun ceanglais fhorluiteacha a sheachaint, forlíontar leis an nGníomh Tarmligthe seo an Gníomh um Chibear-Athléimneacht trí tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a eisiamh óna chur i bhfeidhm, ar táirgí iad a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] maidir leo.

Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar rothair iad atá deartha i gcomhair troitheála agus atá i gcatagóir L1e mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 168/2013, ba cheart na táirgí sin leanúint de bheith faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, ós rud é nach bhfuil Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe infheidhme maidir leis na táirgí sin mar gheall ar Rialachán Tarmligthe (AE) .../... [C(2025) 4842] lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála a leagan síos maidir le feithiclí de chatagóir L a chosaint ar chibirionsaithe.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chun an gníomh seo a ullmhú, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí leis na saineolaithe agus na páirtithe leasmhara ábhartha. Cuireadh an dréachtghníomh ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí idir an 5 Bealtaine 2025 agus an 2 Meitheamh 2025. Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Chibearshlándáil Táirgí ag a bhfuil Eilimintí Digiteacha an 4 Meitheamh 2025.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar foráil maidir leis an gcumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 2(5) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht.

5 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.7.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí áirithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Rialacháin sin, ar táirgí iad a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)[1], agus go háirithe Airteagal 2(5), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal (2) de Rialachán (AE) 2024/2847, maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin i leith táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a chumhdaítear faoi rialacha eile de chuid an Aontais lena leagtar síos ceanglais trína dtugtar aghaidh ar na rioscaí uile nó ar chuid de na rioscaí a chumhdaítear leis na ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa Rialachán sin, féadfar an cur i bhfeidhm sin a theorannú nó a eisiamh i gcás ina bhfuil teorannú nó eisiamh den sórt sin comhsheasmhach leis an gcreat rialála foriomlán a bhfuil feidhm aige maidir leis na táirgí sin agus i gcás ina mbaineann na rialacha earnála amach an leibhéal céanna cosanta ar a laghad leis an leibhéal dá bhforáiltear leis an Rialachán sin.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] bunaítear na ceanglais riaracháin agus theicniúla maidir le cineálcheadú feithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothar mar a aicmítear sa Rialachán sin ('feithiclí de chatagóir L'). Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 ón gCoimisiún[3] bunaítear na ceanglais theicniúla mhionsonraithe agus na nósanna imeachta tástála maidir le tógáil feithiclí agus na ceanglais ghinearálta chun feithiclí de chatagóir L agus na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 agus

1 Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht), IO L 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj).

2 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 060, 2.3.2013, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/168/oj).

3 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tógáil feithiclí agus ceanglais ghinearálta chun feithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair a cheadú (IO L 025, 28.1.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/44/oj).

leagtar amach ann liosta de rialacháin CEE-NA agus leasuithe orthu. De bhun Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014, na rialacháin CEE-NA agus na leasuithe orthu a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin, beidh feidhm acu maidir le cineálcheadú feithiclí de chatagóir L.

(3) Leathnaíodh raon feidhme Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe[4] chun rialacha maidir le cibearshlándáil le haghaidh feithiclí de chatagóir L a chur san áireamh. Dá bhrí sin, leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 le Rialachán Tarmligthe (AE) XXXX/XXX ón gCoimisiún[5] [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir C(2025) 4842*] chun Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe a áireamh i liosta na rialachán CEE-NA a bhfuil feidhm acu ar bhonn éigeantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Mar sin féin, feithiclí de chatagóir L1e atá deartha i gcomhair troitheála dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (94)(b), de Rialachán (AE) 168/2013, rinneadh iad a eisiamh ó chur i bhfeidhm éigeantach Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe. Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) XXXX/XXX [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir C(2025) 4842*] maidir le cineálacha nua feithiclí ón 11 Nollaig 2027 agus maidir le cineálacha feithiclí atá ann cheana ón 11 Meitheamh 2029.

(4) Le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe tugtar isteach ceanglais áirithe chibearshlándála, lena n-áirítear ceanglais maidir le córas bainistithe cibearshlándála deimhnithe a oibriú, maidir le nuashonruithe bogearraí, lena gcumhdaítear beartais agus próisis eagraíochtaí le haghaidh rioscaí cibearshlándála a bhaineann le saolré iomlán feithiclí, trealaimh agus seirbhísí. Tugtar aghaidh leis ar rioscaí cibearshlándála ar bhealach atá inchomparáide le Rialachán (AE) 2024/2487 agus baintear amach leis an leibhéal céanna cosanta ar a laghad leis an Rialachán sin. Ina theannta sin, áirithítear le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe comhsheasmhacht leis an gcreat cineálcheadaithe foriomlán a bhfuil feidhm aige maidir le feithiclí de chatagóir L. Dá réir sin, níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2024/2847 maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, cé is moite d'fheithiclí de chatagóir L1e atá deartha i gcomhair troitheála dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (94)(b), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Eisiafar cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/2847 i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an eisiamh sin maidir le feithiclí de chatagóir L1e atá deartha i gcomhair troitheála dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (94)(b), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

---

4 Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí i ndáil leis an gcibearshlándáil agus le córas bainistithe cibearshlándála [2025/5] (IO L, 2025./5, 10.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/5/oj).

5 Rialachán Tarmligthe (AE) XXXX/XXX ón gCoimisiún an XX XXXX XXXX lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 44/2014 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta tástála a leagan síos maidir le feithiclí de chatagóir L a chosaint ar chibirionsaithe (IO L, XXXX/XXX, X.X.XXXX, ELI: XXX). [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir, dáta glactha agus tagairtí IO dhoiciméad C(2025) 4842)*]

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29.7.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*